National Library of Ireland

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch
31 Nollaig 2009

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
Ráitis Airgeadas don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

Clár na n-ábhar — Leathanach

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste	2
Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird	4
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais	5
Polasaithe Cuntasaíochta	7
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	9
Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána	10
An Clár Comhardaithe	11
Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid Thirim	12
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	13

BORD LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na polasaithe cuntasaíochta a leagtar amach iontu, na Polasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid Thirim agus na nótaí lena mbaineann.

Freagrachtaí faoi seach Chomhaltaí an Bhoird agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997, agus as rialtacht idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Bord na ráitis airgeadais de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn. Déantar freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Bhoird a leagan amach sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird.

Is í an fhreagracht atá orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir riachtanas dlíthiúil agus rialála ábhartha agus de réir na gCleachtas Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (RA agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé acu an dtugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cothrom nó nach dtugann, de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn. Tuairiscím chomh maith cibé acu i mo thuairimse ar coinníodh leabhair chuí chuntais nó nár coinníodh. Lena chois sin, sonraím cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais nó nach bhfuil.

Tuairiscím cás ábhartha ar bith nár cuireadh airgead i bhfeidhm chun na críche a bhí beartaithe dó nó áit nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis atá á rialú.

Tuairiscím chomh maith mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile atá riachtanach chun críche mo iniúchta faighte agam.

Déanaim athbhreithniú ar cibé acu an léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Bhoird i ndáil leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit nó nach léiríonn agus tuairiscím cás ábhartha ar bith nuair nach ndéanann sé amhlaidh, nó má bhíonn an ráiteas míthreorach nó neamh-chomhsheasmhach le faisnéis eile a bhfuil mé eolach uirthi ón iniúchadh a rinne mé ar na ráitis airgeadais. Ní cheanglaítear orm breithniú ar cibé an gclúdaíonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais na rioscaí agus rialuithe airgeadais uile nó nach gclúdaíonn, nó tuairim a cheapadh ar éifeachtúlacht na nósanna imeachta riosca agus rialaithe.

Léigh mé faisnéis eile sa Tuarascáil Bhliantúil, agus bhreithnigh mé cibé acu an raibh sí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais iniúchta nó nach raibh. Déanaim breithniú ar na himpleachtaí atá ann do mo thuarascáil má thagaim ar aon eolas faoi mhíráitis dhealraitheacha nó neamh-chomhsheasmhachtaí ábhartha ar bith leis na ráitis airgeadais.

Bunús Thuairim an Iniúchta

I bhfeidhmiú m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (RA agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt do na breithnithe speisialta a bhaineann le Comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Áirítear le hiniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le méideanna agus nochtuithe agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuimsítear sna ráitis airgeadais. Áirítear leis chomh maith measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus ar cibé acu an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an Bhoird nó nach bhfuil, an gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad nó nach gcuirtear agus an nochtar go sásúil iad nó nach nochtar.

Rinne mé m'iniúchadh a phleanáil agus a fheidhmiú d'fhonn an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a cheap mé a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a chur ar fáil dom agus chun dearbhú réasúnta a thabhairt nach bhfuil míráiteas ábhartha ar bith sna ráitis airgeadais, cibé acu trí chalaois nó mírialtacht nó earráid eile. Agus mo thuairim á ceapadh agam, rinne mé measúnú ar dhóthanacht chur i láthair na faisnéise ar an iomlán sna ráitis airgeadais chomh maith.

Béim ar Ábhar – Caiteachas gan Éifeacht

Gan mo thuairim a cháiliú, tarraingím aird ar Nóta 8 de na ráitis airgeadais a nochtann gur thabhaigh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann caiteachas gan éifeacht €97,867 amhail an 31 Nollaig 2009. Tharla an caiteachas gan éifeacht de bharr tarraingt siar foilseacháin.

Tuairim

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cothrom, de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn, maidir le staid ghnóthaí an Bhoird amhail 31 Nollaig 2009 agus maidir lena ioncam agus caiteachas don bhliain dar críoch ag an tráth sin.

I mo thuairimse, choinnigh an Bord leabhair chuntais chuí. Tagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

John Buckley
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

3 Feabhra 2011

RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Bunaíodh Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann an 3 Bealtaine 2005 faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Ceanglaíonn Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta le comhthoiliú an Aire Airgeadais. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- Polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbunús gur gnóthas leantach é mura bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i mbun feidhmiúcháin; agus
- Aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a thugann léiriú atá réasúnta cruinn ag am ar bith ar shuíomh airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus a chuireann ar a cumas cinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais le hAlt 35 den Acht.

Tá an Bord freagrach chomh maith as sócmhainní Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun cosc a chur le calaois agus mírialtachtaí eile agus chun a leithéid a bhrath.

Thar ceann an Bhoird:

David Harvey	**Brian Halpin**	**Fiona Ross**
Cathaoirleach	Comhalta Boird	Stiúrthóir

Dáta: 20 Eanáir 2011

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Freagracht as an gcóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh mar is cuí agus go ndéantar earráidí agus mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú in am tráthúil.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá bearta curtha i gcrích ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- freagrachtaí bainistíochta a shainimhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmeálta a bhunú chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú:
- gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.

Is féidir leis an mBord dul chun cinn suntasach a thuairisciú ó thaobh nósanna imeachta a bhunú le rioscaí gnó a shainaithint agus a mheasúnú, lena n-áirítear::

- Nádúr, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá os comhair an chomhlachta a shainaithint lena n-áirítear an méid agus na catagóirí, a mheasann sé a bheith inghlactha;
- Measúnú a dhéanamh ar an gcosúlacht go dtarlódh na rioscaí a sainaithníodh;
- Measúnú a dhéanamh ar chumas an chomhlachta na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- Measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialuithe faoi leith a fheidhmiú i gcoibhneas leis an sochar a fuarthas.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus ar chóras tarmligin agus freagrachta. Áirítear leis go sonrach:

- córas buiséadaithe cuimsitheach a bhfuil buiséad bliantúil aige a athbhreithníonn agus a chomhaontaíonn an Bord;
- athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a thugann léargas ar fheidhmíocht airgeadais i gcoinne tuartha; agus
- spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;

Tá seachfhoinsiú déanta ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh, a fheidhmíonn de réir Chód Creata an Chleachtais is Fearr arna leagan amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit. Aontaíodh plean iniúchta 3 bliana in 2007 chun gach gné airgeadais, oibriúcháin agus eagrúcháin de chuid na Leabharlainne a chlúdach agus cuireadh 6 hiniúchadh i gcrích in 2009. Faigheann an fheidhm faisnéis ó anailís ar na rioscaí atá ann don Leabharlann Náisiúnta nach bhfuil cosaint aici ina gcoinne, agus ó phleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla atá bunaithe ar an anailís seo. Tacaíonn an Coiste Iniúchta leis an anailís ar rioscaí agus leis

na pleananna iniúchta inmheánaigh agus tá faomhadh an Bhoird acu. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchta don Bhord ar bhonn rialta agus soláthraíonn sé tuarascáil chuimsitheach ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh don Bhord gach bliain.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Aithníonn an Bord a fhreagrachtaí i ndáil lena chóras rialaithe inmheánaigh. Chun na críche sin déanann sé athbhreithniú bliantúil, go díreach agus trí thuarascálacha ón gCoiste Iniúchta, ar na rialuithe inmheánacha agus tá sé sásta maidir lena n-éifeachtúlacht. Leanfaidh sé den fhreagracht sin a chomhlíonadh.

Gerard Danaher, Cathaoirleach **Dáta: 30 Aibreán 2010**

POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

1. Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe, ach amháin mar a luaitear thíos, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus de réir an chleachtais cuntasaíochta a nglactar leis go forleathan. Glactar le caighdeáin tuairiscithe airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar a éiríonn siad infheidhmithe.

2. Aitheantas Ioncaim

Déantar cuntasaíocht ar dheontais ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta ar bhonn fáltas agus is ionann iad agus deontais airgid a fuarthas sa bhliain.

3. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha. Déantar dímheas, a muirearaítear don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, a ríomh d'fhonn costas na sócmhainní seasta thar a saolréanna fónta measta a dhíscríobh, de réir mhéid chothroim, ag na rátaí seo a leanas:

• Trealamh ríomhaireachta	4 bliana
• Troscáin agus feistis	10 mbliana
• Trealamh oifige agus ginearálta	5 bliana

4. Sócmhainní Oidhreachta agus Bailiúcháin Leabharlainne

De réir an Achta um Fhorais Chúltúir Náisiúnta, 1997 maireann na hábhair leabharlainne ábhartha amhail tráth an bhunaithe faoi úinéireacht an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Tá an chumhacht ag Bord na Leabharlainne Náisiúnta bailiúcháin na Leabharlainne a mhéadú. Muirearaíonn an Leabharlann Náisiúnta caiteachas ar bhailiúcháin agus thaispeántais leabharlainne don chuntas ioncaim agus caiteachais an bhliain a cheannaítear iad.

Tá an chumhacht ag Bord na Leabharlainne Náisiúnta chomh maith ábhair leabharlainne a thabhairt ar iasacht nó a dhiúscairt faoi réir fhorálacha Alt 18 den Acht um Fhorais Chúltúir Náisiúnta, 1997.

5. Stoic

Aithníodh costas na stoc le haghaidh athdhíola i siopa na Leabharlainne ar an gclár comhardaithe ag costas nó glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle.

6. Cuntas Caipitil

Is ionann an Cuntas Caipitil agus méid an ioncaim gan amúchadh a úsáideadh le sócmhainní seasta a cheannach.

7. Aoisliúntas

De réir an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, rinneadh scéim aoisliúntais a dhréachtú agus a chur faoi bhráid an Aire Ealaíon, Spóirt agus Tuarasóireachta le faomhadh a fháil ón Aire agus cead an Aire Airgeadais a fháil.

Feidhmíonn an Leabharlann Náisiúnta scéim pinsean le sochar sainithe atá á maoiniú go bliantúil, ón uair a bunaíodh an Bord, ar bhonn 'íoctar mar a úsáidtear' ó airgead a sholáthraíonn an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Tuarasóireachta ó ranníocaíochtaí a asbhaintear as tuarastail foirne.

Déantar dliteanais Scéim Pinsean a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh an aonaid teilgthe.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuilleann fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a choinníonn an Leabharlann Náisiúnta. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé inghnóthaithe agus go bhfritháirítear é le deontais a fuarthas sa bhliain ón Roinn leis an Leabharlann Náisiúnta a mhaoiniú lena n-áirítear a dliteanais íocaíochta pinsin.

Eascraíonn gnóthachain agus caillteanais achtúireacha ó mhuirir i mboinn tuisceana achtúireacha agus aithnítear ó thaithí fúlligh agus easnaimh sa Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Tuarasóireachta.

Léiríonn dliteanais pinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsean iarchurtha an méid comhfhreagrach a chreideann an Bord go mbeidh sé i dteideal é a ghnóthú i dtréimhsí amach anseo ón Roinn.

8. Airgeadraí Coigríche

Áirítear idirbhearta in airgeadraí coigríche a tiontaíodh go euro ag rátaí caighdeánacha i rith na bliana sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain.

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta in airgeadraí coigríche a thiontú go euro ag rátaí malairte a bhíonn i réim ag dáta an chláir chomhardaithe agus áirítear na gnóthachain agus caillteanais mar thoradh orthu sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2009

IONCAM	Nóta	2009 €	2008 €
Deontais an Oireachtais	2	10,742,000	11,875,000
Ioncam Eile	3	175,464	305,081
Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin	19(c)	1,221,000	1,836,051
IONCAM IOMLÁN		**12,138,464**	**14,016,132**
CAITEACHAS			
Tuarastail	18	6,852,480	7,165,583
Costais Foirgnimh	4	562,290	750,776
Riarachán	5	693,131	1,011,712
Táillí Gairmiúla	6	152,709	262,347
Bailiúcháin	7	1,800,077	2,883,240
Caomhnú		128,465	278,652
Digitiú		198,666	290,006
Oideachas & For-rochtain	8	494,766	651,956
Seirbhísí do Léitheoirí agus Custaiméirí	9	236,019	403,269
Dímheas	10	578,915	545,115
CAITEACHAS IOMLÁN		**11,697,518**	**14,242,656**
IONCAM OIBRIÚCHÁIN		**440,946**	**(226,524)**
Aistriú (go)/ó Chuntas Caipitil	15	171,603	80,010
FUÍLLEACH/(EASNAMH) OIBRIÚCHÁIN		**612,549**	**(146,514)**
Fuílleach tugtha ar aghaidh		1,055,239	1,201,753
Fuílleach curtha ar aghaidh		**1,667,788**	**1,055,239**

Tá an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 22 ina chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird:

David Harvey, Cathaoirleach	**Fiona Ross**	**Brian Halpin**

RÁITEAS MAIDIR LE GNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2009

		2009	2008
		€	€
Fuílleach don tréimhse		612,549	(146,514)
(Gnóthachain)/caillteanais ó thaithí ar dhliteanais scéim pinsean		(1,307,000)	232,000
Éifeacht na n-athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha		2,415,000	(3,319,000)
(Gnóthachan)/caillteanas achtúireach ar Dhliteanais Phinsean	19(b)	1,108,000	(3,087,000)
Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsean Iarchurtha		(1,108,000)	3,087,000
Gnóthachan/(caillteanas) aitheanta iomlán don tréimhse		**612,549**	**(146,514)**

Thar ceann an Bhoird:

David Harvey, Cathaoirleach Fiona Ross Brian Halpin

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL 31 NOLLAIG 2009

		2009	2008
		€	€
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	10	1,790,681	1,962,284
		1,790,681	**1,962,284**
Sócmhainní Reatha			
Stoic	11	120,090	130,387
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	12	100,464	143,185
Airgead tirim sa bhanc		2,184,736	1,399,200
		2,405,290	1,672,772
Creidiúnuithe: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	13	557,768	598,533
Glansócmhainní Reatha		1,847,522	1,074,239
Sócmhainní Reatha lúide Dliteanais Reatha		**3,638,203**	**3,036,523**
Creidiúnuithe: Méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin			
Creidiúnuithe	14	179,734	19,000
Maoiniú Pinsean Iarchurtha	19(c)	21,368,000	19,039,000
Dliteanais Phinsean	19(b)	(21,368,000)	(19,039,000)
Glansócmhainní Iomlána		**3,458,469**	**3,017,523**
Arna n-ionadú ag:			
Cuntas Caipitil	15	1,790,681	1,962,284
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	16	1,667,788	1,055,239
		3,458,469	**3,017,523**

Tá an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 21 ina chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird:

David Harvey, Cathaoirleach **Fiona Ross** **Brian Halpin**

RÁITEAS MAIDIR LE SREABHADH AIRGID THIRIM DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2009

	2009 €	2008 €
Réiteach an Fhuílligh/(Easnaimh) Oibríochta		
Fuílleach/(Easnamh) Oibríochta	612,549	(146,514)
Aistriú ón gCuntas Caipitil	(171,603)	(80,010)
Dímheas	578,915	545,115
(Méadú)/Laghdú i bhFéichiúnaithe	42,721	153,026
Méadú/(Laghdú) i gCreidiúnuithe	119,969	(758,681)
(Méadú)/Laghdú i Stoic	10,297	(867)
(Gnóthachan)/Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	(16,259)	(4,805)
Glan-insreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	1,176,589	(292,736)
Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid Thirim		
Glan-insreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	1,176,589	(292,736)
Íocaíocht d'fhonn sócmhainní a fháil	(492,998)	(465,105)
Fáltais ó thrádáil sócmhainní	101,945	4,805
Méadú in airgead tirim	785,536	(753,036)
Glansreabhadh airgid thirim a réiteach le gluaiseachtaí i nglanchistí		
Glanchistí amhail 31 Nollaig	2,184,736	1,399,200
Glanchistí amhail 1 Eanáir	1,399,200	2,152,236
Gluaiseacht i nglanchistí don bhliain	785,536	(753,036)

Anailís ar athruithe i nglanfhiach/nglanchistí

	Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	Rótharraingt bhainc	Iomlán
Amhail 31 Nollaig 2008	1,399,200		1,399,200
Sreabhadh Airgid Thirim	785,536		785,536
Amhail 31 Nollaig 2009	2,184,736	-	2,184,736

Thar ceann an Bhoird:

David Harvey, Cathaoirleach **Fiona Ross** **Brian Halpin**

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
Ráitis Airgeadas don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

Nótaí *(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)*

1. Bunú Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Réamhrá

Bunaíodh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann mar chomhlacht neamhspleách an 3 Bealtaine 2005 faoi fhorálacha an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 (an "tAcht") le Bord agus Stiúrthóir (Príomhfheidhmeannach). Tháinig deireadh leis an gComhairle Iontaobhaithe, a raibh ról maoirseachta aici ar an Leabharlann, ón dáta sin i leith.

An Bord

Faoi Alt 19 den Acht, cuimsíonn an Bord cathaoirleach agus aon ghnáthchomhalta dhéag.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, arna leagan amach in Alt 12 den Acht:

> *"to conserve, restore, maintain and enlarge the library material in the collection of the Library for the benefit of the public and to establish and maintain a record of library material (including material relating to the Irish language) in relation to Ireland and to contribute to the provision of access by members of the public to material relating to other countries"*

Maoiniú

Is í príomhfhoinse mhaoinithe na Leabharlainne ná deontas a thugann an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta faoi Alt 27 den Acht. Faigheann an Leabharlann ioncam chomh maith ó roinnt gníomhaíochtaí cosúil leis na siopaí, macasamhlacha, araltas, saincheadúnais lónadóireachta agus táillí ó fheidhmeanna corparáideacha.

2 Deontais Oireachtais

	2009	2008
	€	€
Deontais ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta	10,742,000	11,875,000
	10,742,000	11,875,000

3 Ioncam Eile

	€	€
Díolacháin Siopaí	93,092	103,110
Costas na nEarraí a Díoladh:		
Stoc ar Oscailt	130,387	129,520
Ceannacháin	37,106	38,879
Stoc ar Dúnadh	(120,090)	(130,387)
	47,403	38,012
Tuarastail	78,530	75,923
Costas Iomlán na nDíolachán	125,933	113,935
Ollchaillteanas ó Shiopaí	(32,841)	(10,825)
Ríchíos & Ioncam ó Mhacasamhlacha	5,741	29,593
Ioncam ó Araltas	49,664	52,440
Feidhmeanna Corparáideacha	3,342	4,935
Bialann	17,554	12,809
Seirbhísí Cóipeála	94,713	91,403
Urraíocht	20,000	300
Ioncam Úis	2,632	32,469
Gnóthachain/(Caillteanais) Ráta Malairte Eachtraí	(4,136)	65,917
Ioncam Ilghnéitheach	18,795	26,040
Ioncam Iomlán Eile	175,464	305,081

4 Costais Foirgnimh

	2009	2008
	€	€
Glantachán	57,241	60,096
Pá	19,807	19,149
Fóntais	274,705	426,523
Stóráil	42,334	65,993
Slándáil	140,111	152,725
Seirbhísí agus Cothabháil	28,092	26,290
	562,290	750,776

5 Speansais Riaracháin

	€	€
Postas & teileachumarsáid	88,214	115,206
Caidreamh Poiblí, Margaíocht agus Siamsaíocht*	151,748	280,706
Stáiseanóireacht agus soláthairtí oifige	56,652	111,101
Taisteal agus cothú	15,939	46,201
Teicneolaíocht Faisnéise	149,367	172,807
Forbairt Láithreáin Gréasáin	11,361	26,225
Árachas	27,255	36,489
Síntiúis	47,241	47,443
Oiliúint agus costais foirne eile	84,721	108,737
Táillí agus speansais Boird	70,639	66,930
(Brabús)/Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta	(16,259)	(4,805)
Muirir bhainc	6,253	4,672
	693,131	1,011,712

* Áirítear le costais €5,550 i gcomhair ócáidí a bhain leis an bhfoireann in 2009

	2009	2008
6 Táillí Gairmiúla		
	€	€
Táillí Dlí	33,048	68,092
Speansais Earcaíochta	39,721	36,187
Táillí Iniúchta	15,200	17,100
Comhairleacht Ghinearálta	64,740	140,968
	152,709	262,347

7 Bailiúcháin

(a) Ní raibh na bailiúcháin a bhí sa Leabharlann Náisiúnta ar an dáta a bunaíodh í dílsithe sa Bhord. Tá an Bord den tuairim nach mbeadh sé praiticiúil na bailiúcháin sin a luacháil nó a gcostas bunaidh a chinneadh agus ar aon nós nach dtiocfadh faisnéis ar bith uaidh a bheadh ábhartha nó úsáideach maidir le meastachán a dhéanamh ar a mhaoirseacht ar na bailiúcháin mar thoradh air. Sna cúinsí sin, níor chaith an Bord le bailiúcháin mar shócmhainní sna ráitis airgeadais seo. Cé go bhfuiltear ar an eolas faoi chostas agus luach na gceannachán a rinneadh i ndiaidh lá an bhunaithe, creideann an Bord go gcaithfí le bailiúcháin na Leabharlainne go neamh-chomhsheasmach ina iomláine agus go dtabharfadh an Clár Comhardaithe tuairim mhíthreorach ar chostas nó luach na mbailiúchán atá faoina rialú dá ndéileálfaí leis na ceannacháin sin mar shócmhainní sna ráitis airgeadais.

(b) Caiteachas ar bhailiúcháin le linn na tréimhse

	€	€
Leabhair	425,658	343,989
Ar líne & CD ROM	139,367	236,502
Ábhar Gearrshaolach	55,738	54,938
Scannáin & léarscáileanna	5,043	8,210
Lámhscríbhinní	791,824	1,510,062
Nuachtáin	116,336	306,835
Foilseacháin oifigiúla	18,413	21,071
Tréimhseacháin	22,186	24,455
Grianghraif	25,640	139,847
Priontaí agus Líníochtaí	80,899	133,030
Tagairt foirne & ábhair ilghnéitheacha	900	6,709
Tionscadal Riaráiste a Chatalógú	118,073	97,592
	1,800,077	2,883,240

(c) Bhain an Leabharlann leas in 2009 as Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (arna leasú ag an Acht Airgeadais 2002) chun lámhscríbhinní leis an Dr. Brian Friel a fháil. Dá mba rud gur cheannaigh an Leabharlann iad seo í féin, bheadh costas substaintiúil ag baint leis faoi teideal Lámhscríbhinní. Shocraigh na Coimisinéirí Ioncam ar luacháil margaidh €450,000.

8 Oideachas agus for-rochtain

	2009	2008
	€	€
Taispeántas William Butler Yeats	119,175	233,758
Strangers to Citizens	6,045	31,981
Discover the National Library	196,220	
Taispeántais eile	61,368	115,044
Imeachtaí agus foilseacháin Leabharlainne (Nóta)	106,783	204,464
Comhairleacht maidir le hImeachtaí	5,175	66,709
	494,766	651,956

Nóta – Mar thoradh ar fhoilseachán leis an Leabharlann Náisiúnta a tharraingt siar in 2009, tabhaíodh caiteachas neamh-éifeachtach €97,867 (2009: €39,190 agus 2008: €58,677).

9 Seirbhísí do Léitheoirí/Custaiméirí

	€	€
Speansais Araltais	44,715	46,866
An tAonad Micreascannáin	60,985	39,048
Seirbhísí Grianghrafadóireachta	47,397	92,685
Seirbhísí Ginealais	33,772	27,630
Seirbhísí Eile do Léitheoirí	49,150	197,040
	236,019	403,269

10 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Trealamh TF €	Troscán & Feistis €	Trealamh €	Iomlán €
COSTAS				
Costas amhail 31 Nollaig 2008	1,610,419	893,989	1,370,517	3,874,925
Breisithe	199,903	68,392	224,703	492,998
Diúscairtí	(8,614)	(17,424)	(141,570)	(167,608)
Costas amhail 31 Nollaig 2009	1,801,708	944,957	1,453,650	4,200,315
DÍMHEAS CARNTHA				
Amhail 31 Nollaig 2008	888,989	295,686	727,966	1,912,641
Muirear dímheasa	289,548	88,196	201,171	578,915
Diúscairtí	(5,781)	(4,065)	(72,076)	(81,922)
Amhail 31 Nollaig 2009	1,172,756	379,817	857,061	2,409,634
GLANLUACH LEABHAIR				
Amhail 31 Nollaig 2009	628,952	565,140	596,589	1,790,681
Amhail 31 Nollaig 2008	721,430	598,303	642,551	1,962,284

Baineann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann úsáid in aisce as talamh agus foirgnimh atá in úinéireacht an stáit agus á gcothabháil ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

11 Stoic

	2009	2008
	€	€
Stoic siopa le haghaidh athdhíola	120,090	130,387

12 Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí

	€	€
Féichiúnaithe	39,853	39,722
Réamhíocaíochtaí	60,611	103,463
	100,464	143,185

	2009	2008

13 Creidiúnuithe (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)

	€	€
Creidiúnuithe & fabhruithe	374,156	404,005
Cánachas agus leas sóisialach	183,612	194,527
	557,768	598,532

14 Creidiúnuithe (Méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)

	€	€
Creidiúnuithe	179,734	19,000
	179,734	19,000

15 Cuntas Caipitil

	€	€
Iarmhéid tugtha ar aghaidh	1,962,284	2,042,294
Aistrithe ó Ioncam & caiteachas:		
Le ceannacháin sócmhainní seasta a mhaoiniú	492,998	465,105
Amúchadh de réir dímheas sócmhainní	(578,915)	(545,115)
Méideanna scaoilte ar dhiúscairtí	(85,686)	
Aistrithe ón gCuntas Caipitil	(171,603)	(80,010)
Iarmhéid ar Dúnadh	1,790,681	1,962,284

16 Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

	€	€
Iarmhéid tugtha ar aghaidh	1,055,239	1,201,753
Fuílleach don tréimhse	612,549	(146,514)
Iarmhéid amhail 31 Nollaig	1,667,788	1,055,239

17 Ceangaltais

Ba ionann caiteachas a rinneadh amhail an 31 Nollaig 2009 ach nach dearnadh foráil dó sna ráitis airgeadais seo agus €59,100.

	2009	2008

18 Líon agus costais fostaithe

Is é seo a leanas an líon foirne ar an meán a bhí fostaithe sa tréimhse:

Riarachán & tacaíocht	19	20
Leabharlann	88	90
Foireann siopaí, glantacháin & taispeántais	7	7
Cláir speisialta	16	12
	130	129

Is iad seo a leanas na costais a bhí ann sa tréimhse:

		€	€
Pá agus tuarastail – maoinithe ag deontas stáit		4,922,551	5,108,773
Ranníocaíochtaí ÁSPC fostóirí – maoinithe ag deontas stáit		318,590	336,746
Lúide: Pá a muirearaíodh ar chostais chláir eile		(259,661)	(225,936)
Costais phinsin	19(a)	1,871,000	1,946,000
		6,852,480	7,165,583
Pá eile arna mhaoiniú ó Ioncam na Leabharlainne Náisiúnta:			
Pá na foirne glantacháin (san áireamh sna Costais Foirgnimh)		19,807	19,149
Pá fhoireann an tsiopa (san áireamh in Ioncam Eile)		78,530	75,923
Treoraithe Taispeántas (san áireamh i gCostais na dTaispeántas)		32,663	35,917
		6,983,480	7,296,572

19 Aoisliúntas

a) Anailís ar chostais iomlána pinsin a muirearaíodh ar chaiteachas

	€	€
Costas seirbhíse reatha	820,000	905,000
Ús ar Dhliteanais Scéim Pinsean	1,174,000	1,160,000
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(123,000)	(119,000)
	1,871,000	1,946,000

b) Gluaiseacht i nGlandliteanas Pinsean i rith na tréimhse

	2009	2008
	€	€
Glandliteanas Pinsean tugtha ar aghaidh	19,039,000	20,302,000
Costas Seirbhíse Reatha	820,000	905,000
Costais Úis	1,174,000	1,160,000
Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach	1,108,000	(3,087,000)
Pinsin a íocadh sa bhliain	(773,000)	(241,000)
Glandliteanas Pinsean amhail 31 Nollaig	**21,368,000**	**19,039,000**

c) Maoiniú Iarchurtha do Phinsin

Ag féachaint do stair na Leabharlainne Náisiúnta agus do chúlra bhunú an Bhoird, glactar leis go leanfaidh an Stát ag comhlíonadh an dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsin, cé nach bhfuil comhaontú foirmiúil ar bith ann agus dá bhrí sin níl ráthaíocht ar bith ann maidir leis seo ón Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Mar sin féin, creideann an Leabharlann Náisiúnta go bhfuil an bonn tuisceana réamhluaite réasúnta, ag féachaint d'imeachtaí san am a chuaigh thart agus don chleachtas fadbhunaithe maidir le heagraíochtaí eile de chuid na hearnála poiblí agus dá réir sin tá sí ag cur méid atá cothrom leis na dliteanais phinsean san áireamh mar shócmhainn (maoiniú pinsean iarchurtha).
Ba ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin amhail an 31 Nollaig 2009 agus €21.368 milliún (31 Nollaig 2008: €19 milliún).

Is é seo a leanas an Glanmhaoiniú Iarchurtha do Phinsin a aithnítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2009	2008
	€	€
Maoiniú inghnóthaithe maidir le costais phinsean na bliana reatha	1,994,000	2,065,000
Deontas stáit a cuireadh i bhfeidhm le pinsinéirí a íoc	(773,000)	(228,949)
	1,221,000	1,836,051

d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

	2009	2008	2007	2006	2005
	(€'000)	(€'000)	(€'000)	(€'000)	(€'000)
Oibleagáidí Sochair Shainithe	21,368,000	19,039,000	20,302,000	19,394,000	18,596,000
(Gnóthachain)/caillteanais ó thaithí ar dhliteanais scéim pinsean					
Méid	1,307,000	232,000	3,189,000	762,000	53,000
Céatadán na nDliteanais Scéime	6.1%	1.2%	15.7%	3.9%	0.3%

Is ionann an caillteanas achtúireach carntha a aithnítear sa Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána agus €2,700,000.

e) Cur síos ginearálta ar an Scéim

Socrú pinsin thuarastail deiridh le sochar sainithe é an scéim pinsean, agus sainítear sochair agus ranníocaíochtaí trí thagairt do rialacháin scéime "eiseamláir" reatha na hearnála poiblí. Soláthraíonn an scéim pinsean (ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus pháistí. Is é an 65ú breithlá an ghnáthaois scoir do chomhalta, agus tá comhaltaí roimh 2004 i dteideal scor gan laghdú achtúireach nuair a bheidh 60 bliain slánaithe acu. Méadaíonn pinsin ata á n-íoc (agus a n-iarchur) go ginearálta de réir bhoilsciú thuarastal ginearálta na hearnála poiblí.

Rinneadh an luacháil a úsáideadh do nochtuithe Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 17 a bhunú ar luacháil iomlán achtúireach amhail 31 Nollaig 2008 arna nuashonrú ag achtúire neamhspleách cáilithe chun riachtanais FRS17 a chur san áireamh d'fhonn na dliteanais scéime ag 31 Nollaig 2009 a mheas. Is iad seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais a úsáidtear le dliteanais scéime a ríomh faoi FRS17:

	31/12/2009	31/12/2008
Formhéadú tuarastail (sa bhreis ar scála ardú céime)	3.0%	3.0%
Méadaithe ar phinsin atá á n-íoc	3.0%	3.0%
Ráta lascaine	5.4%	6.0%
Ráta boilscithe	2.0%	2.0%

Cuireann an bonn mortlaíochta a ghlacadh san áireamh go bhféadfadh ionchas saoil a fheabhsú i gcaitheamh na haimsire, rud a fhágann go mbeidh ionchas saoil ag am scoir ag brath ar an mbliain ina shlanaíonn comhalta an aois scoir (aois 65). Taispeánann an tábla an meán-ionchas saoil le haghaidh comhaltaí a shlánaíonn aois 65 in 2009, 2020 agus 2025.

An bhliain a shlánaítear aois 65	2009	2020	2025
Ionchas saoil – fear	86.1	86.1	92
Ionchas saoil – bean	89.1	89.1	92

20 Luach Saothair na Stiúrthóirí

Cloíonn an Leabharlann go hiomlán le polasaí an Rialtais maidir le pá príomhfheidhmeannaigh agus fostaithe comhlachta Stáit, agus le treoirlínte an rialtais maidir le táillí a íoc le comhaltaí Boird. Tá pá an Phríomhfheidhmeannaigh/Stiúrthóir na Leabharlainne ag teacht le scála tuarastail na státseirbhíse do Phríomhoifigeach ar an scála níos airde.

Is ionann buntuarastal bliantúil Stiúrthóir na Leabharlainne Náisiúnta do 2009 agus €107,117. Ní théann teidlíochtaí aoisliúntais an Stiúrthóra thar ghnáth-theidlíochtaí scéim aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí.

21 Táillí agus speansais comhaltaí an Bhoird

Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana.

Is iad seo a leanas na táillí agus speansais a íocadh le comhaltaí an Bhoird agus dá fhochoistí:

	€
Gerard Danaher	9,800
Bob Collins	6,533
Ida Delamer	6,533
David Harvey	5,367
Breda Kelly	6,533
Gerry Long	6,533
Máire Mac Conghail	6,533
Niall MacMonagle	6,533
Brendan O'Donoghue	6,533
Noreen Whelan	6,533
Táillí Iomlána	67,433
Speansais	3,206
	70,639

Faomhadh na Ráitis Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais seo an 6 Nollaig 2010.